Seanad 100 Éireann

# Plean Ceachta 2. Athchóiriú an tSeanaid

## Torthaí Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo beidh na daltaí in ann:

1. Liosta a dhéanamh de na hiarrachtaí roimhe seo ar Athchóiriú an tSeanaid.
2. Na hargóintí faoi Athchóiriú an tSeanaid a phlé.

## Naisc Churaclaim

- Tá ceangal ag an gceacht seo le Topaic 2 de Shiollabas na Polaitíochta agus na Sochaí don Ardteistiméireacht.

## Acmhainní

- Díospóireacht sa Seanad ar Thairiscint maidir le hAthchóiriú an tSeanaid
- Ceisteanna sa Dáil maidir le hAthchóiriú an tSeanaid
- An Seachtú Leasú ar an mBunreacht
- Tuarascáil ón gCoimisiún Reifrinn maidir le Deireadh a Chur le Seanad Éireann

## Réamhrá

- Déan cur síos achomair ar chomhdhéanamh an tSeanaid tríd an nasc seo Seanad Éireann
- Déan plé ar na trí bhealach ar féidir Seanadóirí a thoghadh nó a ainmniú agus d'fhéadfá plé a dhéanamh ar roinnt Seanadóirí i ngach catagóir.
- B'fhiú go mór plé a dhéanamh freisin ar an ról agus na feidhmeanna atá ag an gCathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach.

## Forbairt:

- Scrúdaigh an Seachtú Leasú ar an mBunreacht agus pléigh na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr an Leasaithe sin, a mhéid a d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh do Sheanadóirí ó na hOllscoileanna a thoghadh.
- I gceangal leis seo tá sleachta as an díospóireacht i Seanad Éireann a bhaineann le hathchóiriú. Cad iad na príomhargóintí a rinne gach duine de na Seanadóirí? An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú le haon Seanadóir ar leith díobh sin?

- I gceangal leis seo tá sleachta as Ceisteanna i nDáil Éireann maidir leis an topaic arb í Athchóiriú an tSeanaid. Tharla an díospóireacht sin trí bliana tar éis gur theip ar an Reifreann chun deireadh a chur leis an Seanad.
  1. Cad iad na príomhphointí a rinne gach duine de na Comhaltaí?
  2. Ba é Éanna Ó Coinnigh a bhí ina Thaoiseach nuair a bhí an díospóireacht sin ar siúl.
  3. Examine the Seventh Amendment of the Constitution and discuss the possible implications of this Amendment as they might affect the election of Senators from Universities
- Ar leathanach 15 den Tuarascáil ón gCoimisiún Reifrinn tá ailt faoi 'Cé hiad nár vótáil?' agus 'Cén fáth nár vótáil an lucht vótála?': Léigh an dá alt sin agus bí ullamh chun do thuairimí faoina bhfuil sna hailt sin a phlé.

## Clabhsúr:

Dá mbeadh an deis agat athchóirithe a thabhairt isteach sa Seanad, cad a dhéanfá? Déan plé ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann lena bhfuil molta agat.